Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15999/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0438 (COD)**

**CODEC 1930**
**ENFOPOL 450**
**JAI 1793**
**IXIM 322**
**COPEN 382**
**SCHENGEN 106**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794, a mhéid a bhaineann le tacaíocht Europol a neartú, agus an comhar póilíneachta a fheabhsú, chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 28 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], bunaithe ar Airteagail 85(1), 87(2) agus 88(2) CFAE, faoi bhráid na Comhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 10 Iúil 2024[2].

3. An 25 Samhain 2025, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an gcéad léamh[3]. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

1 16204/23.
2 IO C, C/2024/6024, 23.10.2024, ELI:http://data.europa.eu/eli/C/2024/6024/oj.
3 15920/25.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[4] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 46/25 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.